COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

An Bhruiséil, 25 Samhain 2011 (30.11)
(OR. en)

17615/11

ENER 384
RELEX 1248

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Na toscaireachtaí
Uimhir an togra ón gCoim.:	13941/11 ENER 282 RELEX 884
Ábhar:	Teachtaireacht maidir le Cinnteacht an tSoláthair Fuinnimh agus le Comhar Idirnáisiúnta - "Beartas Fuinnimh an AE: Ag obair le comhpháirtithe lastall dár dteorainneacha" - Conclúidí ón gComhairle

I gceangal leis seo gheobhaidh na toscaireachtaí na Conclúidí thuas a chomhaontaigh an Chomhairle ITF an 24 Samhain 2011.

Conclúidí ón gComhairle maidir le gné sheachtrach bheartas fuinnimh an AE a neartú

Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

MEABHRAÍONN SÍ di Conclúidí na Comhairle Eorpaí agus Conclúidí Chomhairle an Aontais Eorpaigh Feabhra 2011 inar leagadh béim ar an ngá atá le hiarrachtaí a threisiú le go mbeidh seasamh láidir soiléir ag an AE i ndáil leis an gcaidreamh idirnáisiúnta maidir le fuinneamh,

FEARANN SÍ FÁILTE roimh an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cinnteacht an tsoláthair agus le comhar idirnáisiúnta agus roimh thogra an Choimisiúin maidir le malartú faisnéise i ndáil le comhaontuithe fuinnimh idir-rialtasacha mar bhealach chun feabhas a chur ar thrédhearcacht an chomhair idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus an Coimisiún chomh maith,

LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go ngníomhódh an tAontas Eorpach go pras chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chomónta atá ann faoi láthair i ndáil le fuinneamh, agus go háirithe go dtabharfaí faoi ghné sheachtrach an bheartais fuinnimh a neartú,

AITHNÍONN SÍ gur cheart beartas seachtrach fuinnimh an AE a bhunú ar phrionsabail na dlúthpháirtíochta, na trédhearcachta, na coimhdeachta agus an chomhair, agus ar chómhalartacht, ar chur chuige don mhargadh atá bunaithe ar rialacha agus ar chomhordú idir an AE agus na Ballstáit, agus go gcuirfí iad sin ar fad i ngníomh freisin sa bheartas sin.

LEAGANN SÍ BÉIM AR AN MÉID SEO A LEANAS

- ba cheart, le beartas seachtrach fuinnimh an AE, go gcabhrófaí lena chinntiú go mbeadh fuinneamh slán, cinnte, inbhuanaithe againn, a mbeadh praghas réasúnta air, agus ba cheart don bheartas sin bheith comhsheasmhach le cuspóirí foriomlána bheartas fuinnimh an AE arb iad an t-iomaíochas, cinnteacht an tsoláthair agus an inbhuanaitheacht na príomhchlocha, agus le dearcadh bheartas AE 2050 ó thaobh fuinnimh agus ísealcharbóin de[1];

[1] Ba cheart a thuiscint, maidir le tagairtí do nithe "ísealcharbóin"ar fud na gConclúidí seo nach n-eisiatar teicneolaíochtaí fuinnimh a dtagann astuithe ísealcharbóin astu cé go n-úsáideann siad breosla atá bunaithe ar charbón.

- caithfear margadh inmheánach fuinnimh a bheith ann a bheidh idirnasctha, comhtháite agus lánfheidhmiúil más fúinn beartas seachtrach fuinnimh rathúil a bheith againn;

- Tá an-tábhacht ag roinnt le comhoibriú sa rialáil agus le cóineasú lenár gcomharsana[1] más fúinn margadh leathan fuinnimh a thógáil agus cothrom na Féinne a thabhairt do chách ag an am céanna. Ba cheart, leis an gcomhoibriú rialála sin, go gcuirfí san áireamh éagsúlacht chomharsana an AE agus a gcuid cuspóirí féin i ndáil le beartas fuinnimh;

- is gan dochar na Conclúidí seo don idirbheartaíocht a dhéanfar maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile;

- tá cur i bhfeidhm na gné seachtraí de bheartas fuinnimh an AE, lena n-áirítear na tionscnaimh a leagtar amach sna Conclúidí seo agus idirbheartaíocht agus conclúidí na gcomhaontuithe idirnáisiúnta, faoi réir urramú inniúlachtaí an AE agus na mBallstát faoi seach mar a leagtar amach sna Conarthaí iad. Má ghlactar na Conclúidí seo, ní bheidh aon tionchar aige sin ar dháileadh na n-inniúlachtaí nó ar leithdháileadh na gcumhachtaí ar an AE agus ar a chuid Ballstát nó ar na hinstitiúidí faoi na Conarthaí. Fairis sin, ní bheidh aon tionchar aige ar na nósanna imeachta cinnteoireachta i ndáil le seasamh an AE a bheith á ghlacadh ag an gComhairle ná ar chomhaontuithe a bheith á dtabhairt i gcrích, de réir mar a bhforáiltear dó sin sna Conarthaí.

LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go n-oibreofaimis lenár gcuid comhpháirtithe straitéiseacha d'fhonn astaíochtaí gáis cheaptha teasa ar fud an domhain a laghdú.

Agus LEAGANN SÍ SÍOS na tosaíochtaí a leanas chun beartas seachtrach fuinnimh an AE a neartú:

1. Neartú a dhéanamh ar chomhordú na gné seachtraí de bheartas fuinnimh an AE

1. Ba cheart plé rialta a dhéanamh maidir le dúshláin bheartas seachtrach fuinnimh an AE le linn chruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla na nAirí Fuinnimh.

[1] *Fonóta míniúcháin: meabhraítear nach san Eoraip amháin atá ár gcuid comharsana, mar shampla, iad siúd atá againn faoi Bheartas Comharsanachta na hEorpa (BCE).*

2. Ba cheart go dtacófar le gníomhaíochtaí na Comhairle ITF, agus go háirithe go dtacófaí an Coimisiún leo, trí leas iomlán a bhaint as deiseanna chruinnithe na n-Ard-Stiúrthóirí um Fhuinneamh chun plé a dhéanamh maidir le treoir straitéiseach agus gnéithe de bheartas seachtrach fuinnimh an AE agus réimsí gaolmhara eile.

3. Más féidir a áirithiú go mbeidh foirmíochtaí eile de chuid na Comhairle, agus an tArdionadaí agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhachtaí Seachtracha (EEAS) rannpháirteach ar bhealach tráthúil, i gcomhréir lena gcuid freagrachtaí faoi seach, is féidir comhchuibheas bheartas seachtrach fuinnimh an AE a fheabhsú chomh maith lena chomhchuibheas le réimsí gaolmhara eile beartais.

4. Ba cheart don AE agus dá chuid Ballstát, teachtaireachtaí comhsheasmhacha agus comhordaithe a fhorbairt, ar bhonn gach cáis ar leith, ní hamháin sna saincheisteanna dá dteastaíonn seasamh foirmiúil de chuid an Aontais, ach i ndáil leis an méid seo a leanas freisin:

   – cruinnithe ardleibhéil i gcreat na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail an IEA, an IAEA, IRENA, ECT agus an Comhphobal Fuinnimh agus fóraim amhail G8, G20, IEF, an IPEEC, comhlachtaí na NA a bhaineann le fuinneamh, agus aird chuí ar chomharthaí sóirt na n-eagraíochtaí agus na bhfóram sin, i gcás inarb infheidhme agus i gcomhréir leis na Socruithe Ginearálta a leagtar amach in 15885/11;

   – agus do phlé an AE le tríú tíortha i ndáil le fuinneamh, agus freisin d'fhonn comhlántacht a áirithiú leis an bplé déthaobhach a bhíonn ag na Ballstát le tríú tíortha.

5. Ba cheart an neart a thiocfaidh as comhtháthú an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh a úsáid ina iomláine, in éineacht le hacmhainní agus cumais na mBallstát, chun tacú le beartas seachtrach fuinnimh an AE agus a chuid Ballstát. D'fhéadfaí tacú leis sin tuilleadh trí thrédhearcacht na gcomhaontuithe idir-rialtasacha i réimse an fhuinnimh, a bhunaíonn na Ballstáit in éineacht le tríú tíortha, a mhéadú agus trí thacaíocht ón gCoimisiúin, ar iarratas ó na Ballstáit ábhartha, do Bhallstáit agus iad ag idirbheartú chomhaontuithe a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fheidhmiú mhargadh inmheánach fuinnimh an AE.

6. Ba cheart don Choimisiún uirlis leictreonach a fhorbairt d'fhonn sonraí agus faisnéis a stóráil agus a chur ar fáil do na Ballstáit agus don Choimisiún maidir leis na gníomhaíochtaí comhchoiteanna, agus na cláir agus na tionscnaimh chomhchoiteanna a thugann an AE, a chuid institiúidí airgeadais nó na Ballstáit i gcomhar le tríú tíortha fúthu, agus ba cheart don Choimisiún aird chuí a thabhairt do chosaint sonraí íogaire agus don bhreisluach ba cheart a sholáthar d'úsáideoirí na huirlise sin.

2. Comhar an AE le tríú tíortha a neartú - Ag cur leis an margadh inmheánach fuinnimh

1. **Ionstraimí Iltaobhacha:**

Fáiltíonn an Chomhairle roimh an dul chun cinn atá déanta maidir leis an gComhphobal Fuinnimh a chomhtháthú leis an AE, go háirithe aontachas Phoblacht na Moldáive agus na hÚcráine, agus stádas breathnadóra a bheith ag an Arméin anois sa Chomhphobal Fuinnimh. Ba cheart feidhm chreat rialála an AE a leathnú amach a thuilleadh tríd an méid seo a leanas:

(a) an Comhphobal Fuinnimh a fheabhsú agus a mhéadú, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

(i) dlús a chur le cur chun feidhme agus forfheidhmiú tráthúil agus iomlán an acquis; chomh maith le bacainní teicniúla a bhaint, lena ndíreofar ar mhargadh an fhuinnimh ar fud an chomhphobail fuinnimh a chruthú;
(ii) Conradh um an gComhphobal Fuinnimh a shíneadh níos faide ar aghaidh ná 2016;
(iii) tabhairt faoi ghníomhaíochtaí d'fhonn an Conradh um an gComhphobal Fuinnimh a leathnú amach chuig tíortha comharsanachta ar an gcoinníoll go léiríonn siad an toilteanas agus an cumas chun reachtaíocht ábhartha AE a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú;
(iv) leanúint den chomhoibriú leis an Tuirc, arb é is aidhm leis an tír a chomhtháthú isteach sa Chomhphobal Fuinnimh;
(v) leanúint d'fheidhmiú an Chonartha um an gComhphobal Fuinnimh a anailísiú agus treochlár oibríochtúil a bhunú lena mbeifí in ann na hearnálacha fuinnimh a nuachóiriú faoi luas i bpáirtithe conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh, comhtháthú an Chomhphobail Fuinnimh leis an AE a fheabhsú a thuilleadh agus struchtúir chinnteoireachta agus eagraíochtúla an Chomhphobail Fuinnimh a chur in oiriúint do na dúshláin a bheidh ann amach anseo.

(b) spreagadh as an nua a thabhairt i ndáil leis an gConradh um Chairt Fuinnimh a atreisiú, i ndlúthchomhar le Baill eile an ECT go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) tacaíocht a sholáthar don Chomhdháil ar an gCairt Eorpach Fuinnimh d'fhonn úsáid níos fearr a bhaint as acmhainneacht na Cairte Fuinnimh i gcroíréimsí na trádála, an idirthurais, na hinfheistíochta agus an réitigh conspóide, agus aird chuí á tabhairt do cheist éifeachtúlacht an fhuinnimh ag an am céanna;

(ii) an tairbhe a bhaineann le ballraíocht iomlán a ghlacadh san ECT a chur chun cinn in idirphlé fuinnimh idir an AE agus na tríú tíortha sin nach bhfuil an Conradh sínithe nó daingnithe acu fós agus a mbeadh a n-aontachas leis an ECT ina bhreisluach do phróiseas na Cairte Fuinnimh, go háirithe príomh-ghníomhaithe i réimse an fhuinnimh, ionas go bhféadfadh an Conradh a bheith ina ionstraim dhomhanda, a bheadh aitheanta mar bhonn do rialáil idirnáisiúnta an fhuinnimh ina phríomh-réimsí inniúlachta;

(iii) úsáid a chuid acmhainní a bharrfheabhsú trí thosaíochtaí a leagan amach go cúramach dá chuid gníomhaíochtaí agus trína bhuiséad, a nósanna imeachta agus a eagrúchán a shruthlíniú.

2. **Bonneagar:**

D'fhonn gné sheachtrach a thógáil don mhargadh inmheánach fuinnimh, rud a d'áireodh cinnteacht an tsoláthair, agus éagsúlú na soláthróirí, na mbealaí isteach chuig an AE agus na bhfoinsí fuinnimh don AE:

(a) Cé gur cheart príomhról an mhargaidh agus a chuid oibritheoirí i bhforbairt agus i maoiniú an bhonneagair a choinneáil, ní féidir tacú le tosaíochtaí seachtracha an AE i ndáil le fuinneamh trí ionstraimí airgeadais an AE ach amháin i gcúinsí teoranta atá sainithe go maith, gan dochar don mhéid a eascraíonn as an bplé maidir leis an bpacáiste bonneagair, le haghaidh tionscadal nach bhfuil in ann dóthain maoinithe a mhealladh ón margadh, agus a roghnófar ar bhonn gach cáis ar leith agus ar bhonn critéar trédhearcach.

(b) Gníomhaíochtaí chun soláthróirí, bealaí isteach chuig an AE agus foinsí fuinnimh don AE a éagsúlú, ba cheart dlús a chur leo, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

(i) cinneadh a dhéanamh, ar bhonn gach cáis ar leith, cibé ar cheart idirbheartaíocht a dhéanamh ar leibhéal an AE maidir le comhaontuithe fuinnimh le tríú tíortha, ag tabhairt aird cuí, más ábhartha, don taithí a fhaightear le linn na hidirbheartaíochta leanúnacha agus na hidirbheartaíochta roimhe seo;

(ii) trí thionscadail ola, gáis agus leictreachais a chur chun feidhme, lena gcuirfí le trí cholún bheartas fuinnimh an AE agus gan dochar do na tionscadail atá ar bun cheana, amhail earnáil fuinnimh na hÚcráine a nuachóiriú ná don phlé a dhéanfar amach anseo ar phacáiste bonneagair[1]. Maidir le tionscadail fuinnimh, is ábhar tosaíochta iad Conair Gáis an Deiscirt, Conair Gáis an Oirthir agus Imchuach na Meánmhara.

3. **Tosaíochtaí maidir le comhtháthú an mhargaidh:**

Ba cheart dlús a chur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh d'fhonn an méid seo a leanas a bhaint amach: cur le cinnteacht fuinnimh; tacú le beartais fuinnimh lena n-áirithítear cothrom na Féinne do chách, an chómhalartacht, leibhéal ard trédhearcachta i gcás fheidhmiú na margaí fuinnimh, an chobhsaíocht i dtaobh na hinfheistíochta agus beartais fuinnimh a thacaíonn le forbairt inbhuanaithe na n-earnálacha fuinnimh, lena n-áirítear leas a bhaint as acmhainní in-athnuaite fuinnimh agus cur le héifeachtúlacht fuinnimh; teicneolaíochtaí sábháilte, inbhuanaithe, ísealcharbóin a chur chun cinn, lenar féidir astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

(a) trí thríú tíortha a spreagadh na gnéithe thuas a chur i bhfeidhm ina mbeartais fuinnimh féin;

(b) trí chomhar leis an AE a chur chun cinn i measc tíortha i dTuaisceart na hAfraice, tíortha sa Mheán Oirthear, tíortha atá buailte ar an Muir Chaisp, tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, agus tíortha atá buailte ar an Muir Dhubh, sa tslí is go bhféadfaí feabhas a chur ar tháirgeadh agus ar thras-seoladh fuinnimh, lena n-áirítear idirthuras, acmhainneachtaí sna tíortha sin, agus na creataí réigiúnacha atá ann cheana á gcur san áireamh;

(c) trí chomhpháirtíocht a thairiscint do thíortha na Meánmhara, a bheadh dírithe, i dtús báire, ar leictreachas agus ar fhuinneamh in-athnuaite, faoin Aontas le haghaidh na Meánmhara agus cur le Plean Gréine na Meánmhara;

(d) trí na margaí fuinnimh a chomhtháthú go hiomlán agus trí bheartais fuinnimh an AE agus thíortha an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch a chomhordú go grinn, lena n-áirítear bailchríoch a chur ar an idirbheartaíocht maidir leis na margaí leictreachais a chomhtháthú go hiomlán leis an Eilvéis;

---

[1] ina liostaítear dhá chonair bonneagair tosaíochta dhéag agus dhá limistéar bonneagair tosaíochta dhéag.

(e) trí rialacha dlí-bhunaithe, trédhearcacha um chomhar leis an Rúis a fhorbairt tuilleadh, d'fhonn an margadh fuinnimh a chomhtháthú amach anseo, go háirithe trí aghaidh a thabhairt, i gcomhthéacs chaibidil láidir fuinnimh an CCC nua a bheidh ag teacht go hiomlán le reachtaíocht an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh, ar na saincheisteanna seo a leanas: rochtain ar acmhainní fuinnimh agus ar bhonneagair fuinnimh, cosaint na hinfheistíochta, an bealach le géarchéim sa soláthar a chosc agus a bhainistiú, slándáil agus iontaofacht na gcóras fuinnimh, cothrom na Féinne do chách, an chómhalartacht agus praghsáil neamh-idirdhealaitheach na n-acmhainní fuinnimh;

4. **Sábháilteacht agus slándáil dhomhanda:**

An comhar le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta a dhoimhniú d'fhonn feabhas a chur ar chinnteacht fheidhmiú shlabhra an tsoláthair fuinnimh dhomhanda, trí na nithe seo a leanas, i measc nithe eile:

(a) trí dhlús a chur le chur chun feidhme meicníochtaí réamhrabhaidh (EWM) agus trí chur leis na meicníochtaí sin sa chaidreamh leis na príomh-Bhallstáit soláthair fuinnimh agus le tíortha ina ndéantar an fuinneamh a thras-seoladh;

(b) trí ghníomhartha atá dírithe ar sholáthar leanúnach fuinnimh a áirithiú, bíodh sin ar muir nó ar tír;

(c) trí chosaint raideolaíoch a chur chun cinn, mar aon le coimircí,. agus na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht núicléach, go háirithe trí:

- mheasúnuithe i ndáil le sábháilteacht núicléach a leathnú chuig tíortha comharsanachta agus trí cheanglais an AE a chur chun cinn i dtíortha comharsanachta;

- trí chomhaontuithe EURATOM a athbhreithniú, tír ar thír, lena áirithiú go mbainfear an tairbhe is mó is féidir astu agus lena áirithiú go roinnfear dea-chleachtas maidir le dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú, maidir le caighdeáin sábháilteachta agus maidir le taighde núicléach, agus leas á bhaint, ar bhealach éifeachtúil, as na hionstraimí atá ann cheana i ndáil leis an gcomhar teicniúil;

- i bhfóraim iltaobhacha, lena n-áirítear an IAEA

- tríd an trédhearcacht a chur chun cinn maidir le saincheisteanna sábháilteachta agus trí athbhreithnithe tréimhsiúla idirnáisiúnta piaraí ar chreataí náisiúnta rialála a chur chun cinn;

(d) sábháilteacht oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta a chur chun cinn ar fud an domhain, cur le dea-chleachtais agus le dea-chaighdeáin an AE agus idirphlé a fhorbairt agus a éascú leis na tíortha sin a bhíonn ag plé le sábháilteacht ola agus gáis amach ón gcósta, go háirithe na tíortha sin atá gar do theorainneacha an AE, i measc tíortha eile, trí ardáin réigiúnacha a bhunú don chomhar idir na tíortha lena mbaineann;

(e) an tsábháilteacht a chur chun cinn i dtaobh táirgí amhola agus táirgí ola a iompar ar muir, go háirithe trí eolas a fháil faoi reachtaíocht ábhartha an AE.

3. Comhpháirtíochtaí fuinnimh a neartú

D'fhonn tacú le earnáil fuinnimh san AE a bheadh slán, inbhuanaithe agus iomaíoch, ní mór na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1. sraith d'fhormáidí comhair, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí fuinnimh, lena leagtar síos bunphrionsabail an chaidrimh dhéthaobhaigh le tríú tíortha, a bhunú, mar a shonraítear san Iarscríbhinn, agus ní mór an tsraith sin a chur chun feidhme ar bhealach solúbtha agus ní mór í a athbhreithniú faoi dheireadh na bliana 2013. Ní mór dúbláil ar na comhaontuithe atá ann cheana a sheachaint. Ba cheart do chomhpháirtíochtaí fuinnimh ar leibhéal an AE a bheith i gcomhréir leis an gcur chuige polaitiúil foriomlán i gcás an tríú tír nó an tríú réigiún lena mbaineann.

2. Ba cheart cur leis an gcomhpháirtíocht le gníomhaithe aonair domhanda, ar na bealaí seo a leanas go príomha:

(a) trí chomhar comhthairbheach le soláthróirí a chuireann fuinneamh ar fáil don mhargadh domhanda a chur chun cinn, tríd an earnáil fuinnimh a fhorbairt agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, trí thrédhearcacht margaidh, trína thuiscint gur gá cur le hoscailteacht agus le cobhsaíocht na hinfheistíochta agus gur gá teicneolaíochtaí agus nuálaíochtaí fuinnimh a thabhairt isteach d'fhonn cuidiú leis an athrú go córais fuinnimh ísealcharbóin;

(b) comhpháirtíochtaí le geilleagair thionsclaithe agus le geilleagair atá ag teacht chun cinn a spreagadh, lena gcuideofar leis na tíortha sin beartais forbartha inbhuanaithe agus beartais cosanta aeráide a chur chun feidhme go pras (e.g. trí threochláir choiteanna fhadtéarmacha a fhorbairt lena sonrófaí cuspóirí agus gníomhartha sonracha mar chuid de chomhar déthaobhach) agus a rachadh chun tairbhe do thionscail an AE;

(c) tacú le comhar d'fhonn teicneolaíochtaí fuinnimh atá dírithe ar an todhchaí a fhorbairt, ag cur leis an obair a rinneadh faoi Phlean SET, i measc nithe eile, trí bhíthin an méid seo a leanas:

(i) tacú le tionscadail choiteanna i gcás taighde agus forbartha,
(ii) creat a fhorbairt agus a fheabhsú trína bhféadfaí eolas a mhalartú ar bhonn tras-teorainn agus a éascódh comhar i dtaobh na heolaíochta,
(iii) tacú le saorghluaiseacht chaipitil intleachtúil; agus cearta maoine intleachtúla á n-urramú ag an am céanna;

(d) a aithint gur comhpháirtí tábhachtach straitéiseach í an Rúis, dréacht-Threochlár um Fhuinneamh idir an AE agus an Rúis a thíolacadh, ina sainaithneofar na deiseanna atá ann maidir le comhar fadtéarmach agus lena gcinnteofar go ndéanfar an Chomhpháirtíocht don Nuachóiriú idir an AE agus an Rúis a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtúil, go háirithe i gcás comhthionscadal sonrach i dtaobh teicneolaíochtaí, taighde agus nuálaíochtaí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol;

(e) a iarraidh ar na Stáit Aontaithe, ar an tSeapáin agus ar chomhpháirtithe tionsclaithe eile oibriú i gcomhar leis an AE d'fhonn teicneolaíochtaí ísealcharbóin atá sábháilte agus inbhuanaithe agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn go pras;

(f) cur chuige comhpháirteach don AE agus a chuid Ballstát a mholadh i ndáil leis an tSín, an India, leis an mBrasaíl agus le Poblacht na hAfraice Theas, lena gcuirfí beartas fuinnimh atá sábháilte, inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don aeráid chun cinn;

(g) tionscnaimh thríthaobhacha a fhorbairt in éineacht le Stáit Aontaithe Mheiriceá agus leis an tSeapáin maidir le taighde in ábhair chriticiúla le haghaidh cur i bhfeidhm fuinnimh, go háirithe ó thaobh ábhair eile a chur in ionad na n-ábhar tearcithreach;

(h) tionscnaimh a fhorbairt chun prionsabal na comharaíochta a chur i bhfeidhm don chomhoibriú i ndáil le heolaíocht agus teicneolaíocht an fhuinnimh.

3. Ba cheart, leis na comhpháirtíochtaí seo, go bhféachfaí le comhlántacht agus naisc a chruthú leis an gcomhoibriú a dhéanann na Ballstáit iad féin le tríú tíortha agus ba cheart go mbeadh siad atreisitheach don dá pháirtí nuair is féidir sin.

4. Tacú le geilleagar atá i mbéal forbartha

D'fhonn beartas fuinnimh atá sábháilte, inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don aeráid a bhunú i dtíortha atá i mbéal forbartha a éascú,

1. ba cheart na hiarrachtaí a mhéadú i ndáil le spriocanna fuinnimh an AE - Na hAfraice 2020 a bhaint amach.

2. ba cheart tíortha atá i mbéal forbartha, go háirithe san Afraic, a spreagadh chun athruithe dlí agus rialála a thabhairt isteach d'fhonn cúinsí atá bunaithe ar an margadh a chruthú, lena n-áirítear forfheidhmiú taraifí lena léireofaí an costas, a mbeadh scéimeanna cosanta iomchuí ag gabháil leo, d'fhonn infheistíocht a mhealladh ón earnáil phríobháideach agus feabhas a chur ar chumhacht na trádála réigiúnaí.

3. ba cheart acmhainní ó fhoinsí chúnamh forbartha an AE a úsáid go héifeachtúil chun dlús a chur le príomh-thionscadail infheistíochta sna geilleagair i mbéal forbartha (lena n-áirítear giniúint an fhuinnimh, agus é dírithe ar an earnáil athnuachana agus ar theicneolaíochtaí na héifeachtúlachta fuinnimh) agus chun cinnteacht réigiúnach agus dhomhanda shlabhra soláthair an fhuinnimh a mhéadú.

4. ba cheart na hiarrachtaí a threisiú i ndáil le fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus i ndáil le ról an fhuinnimh i ndíothú na bochtaineachta a fheabhsú, lena n-áirítear réitigh shaincheaptha atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite do champaí sealadacha do theifigh, i bhfianaise Rio +20 agus an Tionscnaimh "Fuinneamh Inbhuanaithe do Chách".

5. ba cheart breis tábhachta a thabhairt do cheisteanna fuinnimh sna hionstraimí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo i ndáil le comhar don fhorbairt i gcomhréir le beartas athnuaite an AE um fhorbairt.

6. ba cheart gníomhaíochtaí, amhail na gníomhaíochtaí sin a rinneadh faoin Aireacht um Fhuinneamh Glan, a spreagadh.

5. Gníomhaíocht leantach

D'fhonn gníomhaíocht leantach maidir leis na tosaíochtaí thuas a áirithiú IARRANN an Chomhairle ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. tionscnaimh ábhartha, a bhfuil breisluach acu, a chur i gcrích, d'fhonn na tosaíochtaí thuasluaite a chur chun feidhme, agus aird ar dhlúthchumarsáid agus ar dhlúth-chomhordú leis na Ballstáit. Ba cheart an Chomhairle a chur ar an eolas maidir le tionscnaimh atá pleanáilte, ar cheart tuarascáil a dhéanamh fúthu go tráthúil más rud é go gcuirtear chun feidhme iad.

2. féachaint ar an mbealach a bhfuil sé i gceist aici díriú níos fearr ar an maoiniú atá ann faoi láthair le haghaidh tosaíochtaí seachtracha i ndáil le fuinneamh chun freastal ar na sainriachtanais a aithnítear sa Teachtaireacht sin, agus más gá aon chistí nua, conas a lorgófar iad sin trí thosaíochtaí a athrú laistigh de bhuiséad an AE, gan dochar don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil.

3. tuarascáil a ullmhú maidir le cur chun feidhme na gConclúidí seo, d'fhonn go mbeifear in ann iad a athbhreithniú tráth nach déanaí ná 2013.

IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Iarscríbhinn[1]

Prionsabail thacar na bhformáidí comhair

	Lenár gcomharsana/ár gcomhpháirtithe i gcomhtháthú an mhargaidh	**Lenár bpríomh-sholáthróirí fuinnimh agus ár dtíortha idirthurais**	**Le príomh-ghníomhaithe fuinnimh ar fud an domhain**	**Le tíortha i mbéal forbartha**
Raon feidhme	Na saincheisteanna uile a chumhdaítear le beartas fuinnimh an AE	Tosaíocht a thabhairt do: - Cinnteacht an tsoláthair/an éilimh - cur chun cinn na hinfheistíochta, an chobhsaíocht agus an chinnteacht - comhar i dtrádáil agus san infheistíocht - beartais forbartha inbhuanaithe agus caighdeáin chomónta fuinnimh a chur chun cinn	Tosaíocht a thabhairt do: - Cinnteacht shlabhra soláthair domhanda an fhuinnimh - comhghníomhaíoch-taí chun feabhas a chur ar chur chun cinn na hinfheistíochta, ar chobhsaíocht agus ar chinnteacht - beartais forbartha inbhuanaithe agus caighdeáin chomónta fuinnimh a chur chun cinn - Comhar T&F	Tosaíocht a thabhairt do: - athruithe sa mhargadh fuinnimh - beartais forbartha inbhuanaithe agus caighdeáin chomónta fuinnimh a chur chun cinn
Ionstraimí	An Conradh um an gComhphobal Fuinnimh	Idirphléití straitéiseacha fuinnimh	Idirphléití straitéiseacha fuinnimh	Comhar fuinnimh ad hoc
	Ionstraimí faoin ENP; freagairt ar ghéarchéim agus meicníochtaí coisc;		Ionstraimí faoi bheartas an AE um fhorbairt I gcás inarb iomchuí, ionstraimí géarchéime agus freagartha	
	Comhaontuithe comhpháirtíochta agus comhair lena gcumhdaítear fuinneamh, inter alia An Conradh um an gCairt Eorpach Fuinnimh Comhaontuithe Trádála An tAontas don Réigiún Meánmhuirí			

[1] Aithnítear go bhféadfadh sé tarlú go mbainfeadh tríú tír le níos mó ná ceann amháin de na ceithre chatagóir thuas agus go bhféadfadh a stádas athrú thar am.